


AN BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

# Tuarascáil Bhliantúil

## 2014

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Tuairiscíochta: An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2014

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) an 25 Márta 2003 faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000

Is leis an mBord Imscrúdú Taismí Muirí cóipcheart na tuarascála seo de bhun alt 35(5) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

Ní cheadaítear d'aon duine an tuarascáil seo ná aon chuid di a thairgeadh, a atáirgeadh nó a tharchur in aon fhoirm ná ar aon mhodh gan cead chuige sin go sainráite ón mBord Imscrúdú Taismí Muirí.

Tá saorchead úsáid a bhaint as an tuarascáil seo chun críche oideachais.

Arna fhoilsiú ag an mBord Imscrúdú Taismí Muirí © 2015

# Clár Ábhair

## Cuid 1


1. Ráiteas an Chathaoirligh 2

2. Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta 5

3. Réamhrá 8

4. Achoimre ar theagmhais na bliana 2014 9

5. Achoimre ar thuarascálacha a foilsíodh in 2014 10

6. Sampla de chásanna a foilsíodh in 2014 15

7. Comparáid idir taismí muirí sa tréimhse 2005 - 2014 16


8. Treochtaí Básanna 2005-2014 17


## Cuid 2


Ráitis Airgeadais don tréimhse 1 Eanáir go 31 Nollaig 2014 19


An English language version of this Report is available on the Board's website, www.mcib.ie;, or by request from the Secretary to the Board.

# Ráiteas an Chathaoirligh



**Cliona Cassidy, B.L.,**
Cathaoirleach

A Aire a Chara,

De réir mar a éilítear faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000, is mór an sásamh dom an 12ú Tuarascáil Bhliantúil de chuid an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) maidir leis an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2014 a chur faoi do bhráid.

### Forléargas ar an mbliain 2014

Bhí méadú beag ar líon na dteagmhas ó sé in 2013 go dtí seacht in 2014, agus bhí méadú ar líon na dteagmhas a bhain le gortuithe ó náid in 2013 go ceann amháin in 2014. Cailleadh cúigear i rith na bliana; tharla ceithre cinn de na teagmhais bháis san earnáil áineasa. Bhí duine amháin a fuair bás gafa le tionscal na hiascaireachta. Fáiltíonn an Bord go fainiciúil roimh an bhfíric sin gurb é seo an líon is lú de bhásanna le 12 bhliain anuas.

Cuireadh BITM ar bun dhá bhliain déag ó shin agus tá 190 tuarascáil foilsithe ó shin i leith. Tharla seacht n-eachtra ar a raibh imscrúdú le déanamh i rith na bliana 2014 i ndáil le bás cúigear. D'fhoilsigh an Bord 7 dTuarascáil Chríochnaitheacha in 2014.

Cé gurb é an rud is tábhachtai cosc a chur le taismí muirí, is mian leis an mBord aird a tharraingt arís eile ar a thábhachtaí atá sé trealamh sábhála cuí a chur ar fáil agus caoi a choinneáil air i gcás go dtarlodh taisme. Ba cuis imní don Bhord é tabhairt dá aire in 2012 gur bhain go leor de na básanna san earnáil iascaigh le hiascairí aonair ag dul chun farraige gan trealamh sábhála, raidiónna VHF nó bhladhmanna iomchuí. Ba chosúil gurbh é an "traidisiún" no "cultúr na hiascaireachta" ba chúis leis sin. Is mian leis an mBord béim a chur arís agus arís eile ar a thábhachtaí ata an feachtas faisnéise leanúnach maidir leis an tsábháilteacht agus an leis an ngá le freagracht phearsanta.

Arís i mbliana tugadh an Bord dá aire gur bhain roinnt de na tuarascálacha a foilsíodh le heachtraí a tharla mar gheall ar theip maidir le gnáis nó trealamh loingseoireachta. Is iad is mo is suntasai sna tuarascálacha i mbliana agus sna blianta roimhe an tábhacht a bhaineann le trealamh loingseoireachta ceart atá ar bhord leis an aimsir, go háirithe cairteacha, agus oiliúint chuí maidir le gnáis agus le húsáid trealaimh.

Is mian leis an mBord a chur i gcuimhne do gach úsáideoir soitheach áineasa go bhfuil sé den tábhacht aithne mhaith a fháil ar an soitheach a bhfuil siad ag baint úsáide as chomh maith leis an ceantar áitiúil a bhfuil sé i gceist acu cuairt a thabhairt air. Go háirithe ba cheart a thabhairt faoi deara gur gá bheith chomh cúramach céanna ar uiscebhealaí intíre agus a bheifeá ar uisce oscailte nach iad. Tá an aimsir agus an solas in uiscebhealaí intíre athraitheach agus tá faisnéis a bhaineann go sonrach le suíomh faoi leith lena n-áirítear comharthaí maidir le teorainn luais nó contúirt eile ritábhachtach chun taismí a chosc. Ba chóir do dhaoine i mbun fóillíochta de gach uile chineál ar uisce, lon teagaisc a bhain as an gCód Cleachtais um Fheidhmiú Sábháilte Árthaí Áineasa agus a chinntiú go bhfuil siad ag cloí leis an gCód.

Fáiltíonn an Bord roimh fhoilseachán agus sheoladh na Straitéise um Shábháilteacht Mhuirí. Is tar éis dul i mbun comhairliúcháin le príomhpháirtithe leasmhara agus leis an bpobal i gcoitinne a cuireadh an straitéis i dtoll a chéile. Cuimsíodh inti anailís ar staitisticí MCIB thar threimhse na 12 bhliain dheireanacha agus b'as an anailís sin a forbraíodh cuspóirí agus gníomhartha. Tá an Bord tiomanta do thacaíocht a thabhairt do do chuspóirí mar a leagtar amach sa Straitéis um Shábháilteacht Mhuirí iad agus do dheireadh a chur le básanna ar muir.

### Bearta Imscrúdúcháin Seachtracha maidir le Taismí

Painéal seachtrach imscrúdaitheoirí an Bhoird ba ea a rinne na himscrúduithe uile ar thaismí . Daoine a bhfuil cáilíochtaí teicniúla acu, ina n-ailtirí muirí, innealtóirí muirí nó oifigigh léibhinn, atá ar an bpainéal agus tá réimse leathan cumais agus saineolais ar chúrsaí mara acu.

### Tuarascálacha a foilsíodh i rith na bliana 2014

D'fhoilsigh an Bord 7 dTuarascáil Chríochnaitheacha i rith na bliana 2012 a dtugtar sonraí iomlána ina leith ó leathanach 10 go 14.

### Teagmhais na bliana 2014

Chuir an Bord tús le himscrúduithe ar 13 theagmhas in 2014; déantar achoimre ar shonraí na dteagmhas sa tábla thíos. Ta sonraí iomlána gach eachtra leagtha amach ar leathanach 9; tharla trí cinn de na teagmhais i dtionscal an iascaigh, trí cinn san earnáil áineasa agus bhain teagmhas amháin le long lasta ghinearálta.

Ba mhaith leis an mBord comhbhrón a dhéanamh le gach duine ar mhéala dóibh na heachtraí seo.

| Earnáil | Teagmhais | Dul faoi | Cásanna Báis | Cásanna Gortaithe |
|---|---|---|---|---|
| Iascaireacht | 3 | 3 | 1 | Náid |
| Long Lasta Ginearálta | 1 | Náid | Náid | Náid |
| Caitheamh Aimsirel | 3 | 2 | 4 | 1 |
| Paisinéirí | Náid | Náid | Náid | Náid |
| **Iomlán** | **7** | **5** | **5** | **1** |

### Báid Iascaigh

Bhain tri theagmhas le hárthaigh iascaigh.

- Rug soitheach iascaireachta eile dhá fhear as an bhfarraige go dtí an talamh tirim nuair a chuaigh a soitheach iascaireachta faoi uisce i Loch Garman i mí Eanáir 2014
- Fuair fear bás nuair a chuaigh an soitheach iascaireachta ina raibh sé ag obair le potaí gliomaigh faoi uisce amach ó Dhún na nGall i mí an Mheithimh 2014.
- Tharrtháil soitheach iascaireachta triúr criú as soitheach iascaireachta eile nuair a chuaigh sin faoi usice amach ó Chuan Ros Láir i mí Iúil 2014.

### Árthaigh Áineasa

Tharla trí theagmhas i ndáil le báid áineasa ba shiocair le bás duine.

- Báitheadh beirt fhear nuair a chuaigh an árthach ina raibh siad go grinneall ar Loch Rí, Bá Hodson i Márta 2014; tarrthaladh a gcompánach.
- Básadh fear agus nuair a d’iompaigh an lugar Drascombe ina raibh sé ar a béal fúithi ó dheas de Chuan na Scoile i mí Lúnasa 2014, shnámh a bheirt compánach go talamh tirim.
- Fuair fear bás le linn do cadhacáil mar dhuine de ghrúpa ar an Abhainn Inchavore i mí na Samhna 2014.

### Longa Lastais

- Chuaigh soitheach lasta ar talamh tirim ar an chuid ó dheas de Bhanc Inbhir Mhóir i mí Eanáir 2014.

Tugtar táblaí mionsonraithe faoi eachtraí a tharla i rith na mblianta ó 2005 go dtí 2014 ar leathanach 16 agus 17 sa tuarascáil seo. Tugtar achoimre maidir leis na heachtraí ar fad a tharla i rith na mblianta sin sa tábla thíos.

| | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cásanna Báis | 8 | 10 | 17 | 9 | 6 | 18 | 7 | 13 | 6 | 5 |
| Cásanna Gortaithe | 0 | 1 | 2 | Náid | Náid | 2 | Náid | 4 | Náid | 1 |
| Líon na nÁrthach | 11 | 12 | 20* | 10 | 6 | 18 | 12** | 17 | 6 | 7 |

* Fágtar as an áireamh san fhigiúr sin an teagmhas ag Gealltа Bád Dhún Laoghaire i 2007 a bhain le go leor bád beag, báidíní calaidh agus bád righin inséidte (BRI)

** Fágtar as an áireamh leis an bhfigiúr seo teagmhas ag Ceann Chlochair sa bhliain 2011 a raibh cuid mhór cadhaiceanna agus leanaí i gceist leis

### Cúrsaí Airgeadais

I rith na bliana airgeadais dár críoch an 31 Nollaig 2014, bhí barrachas oibriúcháin €42,189 i gceist don Bhord a d’fhág barrachas carnach cothrom le €45,292 i ndáil leis an tréimhse 2002-2014. Leagtar amach ráitis airgeadais lániniúchta ar leathanaigh 20 go 29 den Tuarascáil seo.

### Eitic in Oifigí Poiblí

Bhí forálacha agus coinníollacha uile na nAchtanna Eitice agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 á gcomhlíonadh i rith na bliana 2014 ag comhaltaí uile an Bhoird.


## Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le mo chuid comhghleacaithe ar fad ar an mBord as an dúthracht leanúnach i rith na bliana 2014 arb é bun agus barr an rath atá ar an mBord é.

Níorbh fhéidir aon chuid den obair a dhéanamh murach an saothar a dhéanann an painéal d'imscrúdaitheoirí críochnúla atá againn agus ba mhaith liom buíochas a chur in iúl dóibhsean as an dua a chaith siad leis na Tuarascálacha a chur ar fáil i rith na bliana.


Ní mór obair na Rúnaíochta a admháil freisin; níorbh fhéidir don Bhord feidhmiú gan a gcuid scileanna agus taithí oibre. Ba mhaith liom, thar ceann an Bhoird, buíochas a ghlacadh leo as an dícheall agus an díograis i dtimpeallacht oibre dúshlánach ar bheagán acmhainní. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Anthony Bates as a éifeachtúlacht agus a dhíograis agus guíonn an Bord gach rath air ina ról nua. B'ardú meanman é fáilte a chur roimh Hugh Carney a tháinig ina áit.

Is mian liom, mar fhocal scoir, ár mbuíochas don Aire agus dá chuid oifigeach, a chur in iúl mar gheall ar an gcúnamh a tugadh don Bhord i rith na bliana 2014.



CLIONA CASSIDY, B.L.,
CATHAOIRLEACH

# Comhaltaí an Bhoird agus Eolas Ginearálta



Cathaoirleach:
**Cliona Cassidy, B.L.,**



Leas-Chathaoirleach:
**Brian Keane**



Comhalta Boird:
**Micheál Frain**



Comhalta Boird:
**Brian Hogan Príomhshuirbhéir An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt**



Comhalta Boird:
**Jurgen Whyte, Príomhchigire maidir le hAerthionóiscí, An tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí (AAIU), An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt**

| | |
|---|---|
| Rúnaí: | Margaret Bell |
| Rúnaíocht: | Assumpta Dowd<br>Hugh Carney |
| Oifig Chláraithe: | Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2 |
| Teileafón: | 01 - 6783485 |
| Faics: | 01 - 6783493 |
| Ríomhphost: | info@mcib.ie |
| Suíomh Idirlín: | www.mcib.ie |
| Iniúchóirí: | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>Foirgneamh an Státchiste<br>Caisleán Bhaile Átha Cliath<br>Baile Átha Cliath 2. |

Seo a leanas roinnt eolais ghinearálta maidir leis an mBord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM).

## Bunú an Bhoird;

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000.

## Feidhm an Bhoird

Is é feidhm atá le BITM imscrúdú a dhéanamh ar Thaismí Muirí, mar a shainmhínítear sin in Alt 2 den Acht. Le linn don BITM na feidhmeanna a dhéanamh, comhlíontar forálacha Chód Imscrúdú Taismí Muirí na hEagraíochta Taismí Muirí Idirnáisiúnta agus Treoir 2009/18/CE an AE a rialaíonn imscrúdú tionóiscí in earnáil an mhuiriompair. 276 de 2011 a thugtar Treoir 2009/18/CE i bhfeidhm faoi dhlí na hÉireann.

**Ciallaíonn Taisme Mhuirí eachtra nó próiseas trína gcuirtear faoi deara nó trína mbagraítear:**

(a) bás nó tromghortú duine;

(b) duine a chailleadh thar bord;

(c) caillteanas suntasach nó tráchur nó díobháil d’árthach nó do mhaoin, nó imbhualadh le hárthach nó le maoin; nó

(d) díobháil shuntasach don chomhshaol,

i ndáil le hoibriúchán:

(i) árthach in uiscí na hÉireann;

(ii) árthach atá cláraithe in Éirinn, in uiscí in áit ar bith; nó

(iii) árthach a bhíonn suite nó feistithe de ghnáth in uiscí na hÉireann agus atá faoi stiúir duine is cónaitheoir den Stát, in uiscí idirnáisiúnta atá tadhlach le huiscí na hÉireann.

**Is é an cuspóir atá le gach imscrúdú:**

1. Cúis nó cúiseanna taisme mhuirí a dhéanamh amach.
2. Tuairisc a thabhairt ar an taisme mhuirí d’fhonn moltaí a dhéanamh maidir le modhanna chun a macasamhail de thaisme mhuirí a sheachaint.

***Is den tábhacht go dtugtar chun aire NACH é a bhíonn de chuspóir le beart imscrúdúcháin locht ná milleán a leagan ar dhuine faoi leith. Ní dhéanann an Bord ionchúiseamh. Aon ionchúiseamh a eascraíonn as aon taisme is feidhm é de na Comhlachtaí Reachtúla, a leithéidi An Garda Siochána, etc.***

## Stádas

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an BITM arna mhaoiniú ag an Oireachtas faoi Alt 19 den Acht.

Cuirtear cóip den tuarascáil chríochnúil maidir le gach beart imscrúdúcháin faoi bhráid an Aire d’fhonn na moltaí a dhéantar inti a bhreithniú. Cuirtear na tuarascálacha uile ar fáil don phobal (ar a n-iarraidh) saor ó tháille nó is féidir iad a fháil de láithreán gréasáin BITM ag www.mcib.ie;.

# Bearta Imscrúdúcháin & Tuarascálacha
2014

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Tuairiscíochta: An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2014

# Réamhrá

Ó bunaíodh an Bord sa bhliain 2002 go dtí deireadh na bliana 2014, tá tuarascálacha foilsithe ag an mBord faoi aon chéad naocha cás.

Léirítear leis na staitisticí sa Tuarascáil seo na cineálacha éagsúla soitheach a bhí i gceist agus na cúiseanna a bhí le gach teagmhas, agus tugtar léargas don léitheoir ar scóip agus ar chineál obair an Bhoird. Go dtí seo, coinnníodh na formáidí tuairiscíochta i bhfoirm sheasmhach ionas gur féidir comórtas a dhéanamh le teagmhais agus tuarascálacha na mblianta atá caite.

Foilsítear na tuarascálacha uile ar láithreán gréasáin an Bhoird, www.mcib.ie;, agus bíonn líon teoranta cóipeanna ar fáil i bhfoirm phriontáilte ach iarratas a sheoladh chuig an Rúnaíocht.

# Achoimre maidir le hEachtraí a tharla i rith na bliana 2014

An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2014

Seo iad na heachtraí a tharla i rith na bliana 2014 a bhfuil an Bord i mbun imscrúdúcháin orthu.

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS` | DÁTA AN TEAGMHAIS | CINEÁL AN ÁRTHAIGH | CINEÁL AN TEAGMHAIS | CUNTAS ACHOIMRE | CÁSANNA BÁIS |
|---|---|---|---|---|---|
| **Arslan II** | 14 Eanáir 2014 | Lasta Ginearálta | Dul ina suí | Chuaigh an "MV Arslan II" a bhí ar a bealach ó Nemrut, Tuirc i dtreo Béal Feirste, ina suí ar an gcuid ó dheas de Bhanc an Inbhir Mhóir. cuireadh an soitheach ar snámh in athuair níos déanaí an tráthnóna céanna | 0 |
| **FV Napier** | 30 Eanáir 2014 | Árthach Iascaigh <15m | Dul faoi uisce | Cfuaigh an "FV Napier" a raibh an Captaen agus fear criú amháin ar bord inti, faoi uisce amach ó na hOileáin Saltee, Loch Garman. Tháinig an t-uisce isteach ina tuile go tapa sa spás ruma agus innill. Thréig an bheirt fhear an soitheach agus chuaigh sí faoi uisce. Tharrtháil soitheach iascaireachta eile iad agus thug i dtír go sábháilte. | 0 |
| **Bá Hodson/ Loch Rí** | 20 Márta 2014 | Árthach Áineasa | Taisme Marfach | Cailleadh beirt fhear nuair a chuaigh an árthach ina raibh siad go grinneall i mBá Hodson ar Loch Rí. | 2 |
| **Srúibh Brain** | 28 Meitheamh 2014 | Árthach Iascaigh <15m | Taisme marfach | D'fhág árthach Cé Bhun an Ghaoiht, Cuan Chúil Dubhcha, ag triall ar Chionn an Ghabha chun potaí gliomach a chur. Ag 09.45 uair an chloig thángthas ar úinéir an tsoithigh ar snámh san uisce. Cuireadh fios ar na seirbhísí éigeandála. Dearbhaíodh níos déanaí go raibh sé marbh. | 1 |
| **MFV Molly's Quest** | 15 Iúil 2014 | Árthach Iascaigh <15m | Dul faoi uisce | D'fhág "MFV Molly's Quest" Cuan Ros Láir le criú de thriúr ar bord chun dul ag iascaireacht éisc rásúir ó thuaidh den chuan Tharla deacrachtaí beaga meicniúla lena linn sin.<br>Réitíodh na fadhbanna meicniúil go sealadach, ach go gairid ina dhiaidh sin shín an t-árthach go huillinn chun clébhoird agus chuaigh sí faoi uisce. Thréig an criu an bád agus tháinig dhá bhád eile a bhí i mbun iascaireachta éisc rásúir chucu go gairid ina dhiaidh sin agus rug as an uisce iad. | 0 |
| **Zillah** | 13 Lúnasa 2014 | Árthach áineasa - Seol | Taisme marfach | Bhordáil lugar Drascombe thart go neamhdheonach, d'iompaigh sí ar a béal fúithi agus caitheadh an triúr a bhi inti amach ar uisce. D'éirigh le beirt acu a mbealach a dhéanamh go cladach; thángthas ar chorp an tríú duine ar maidin arna bhárach. | 1 |
| **Abhainn Inchavore** | 13 Samhain 2014 | Árthach Áineasa Canú cr | Taisme marfach | Ar an 13 Samhain 2014 rinne dhá ghrúpa cadhaiceoirí iarracht teacht anuas Abhainn Inchavore i gCo Chill Mhantáin. Thosaigh siad amach in dhá ghrúpa faoi leith. Tharla deacrachtaí do cheann amháin de na cadhaiceoirí sa chéad ghrúpa agus scaradh on ngrúpa e. Fuarthas gan aithne gan urlabhra e agus níorbh fhéidir é a athbheochan. | 1 |

# Achoimre maidir le Tuarascálacha a foilsíodh i rith na bliana 2014

An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2014

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | DÁTA FOILSITHE | Cineál an Árthaigh | CINEÁL AN TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ/ BÁS | AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **FV Kingfisher <15m.** | 10 Eanáir 2014 | Árthach Iascaigh | Dóiteáin agus dul faoi | D'fhág an "FV Kingfisher" soitheach iascaireachta, 10.67m ar fhad, atá cláraithe in Éirinn céibh Dhún Mór Thoir ar an 25 Samhain 2012 leis an gCaptaen, agus fear criú amháin ar bord chun dul i mbun trálaeireachta dhá bhád in éindí le soitheach comhpháirtíochta "FV Mystical Rose" le haghaidh scadán.<br>Caitheadh an trealamh iascaireachta agus le linn na n-oibríochtaí tarraingte thángthas ar tine ar bord. Ní raibh criú an tsoithigh in ann smacht a fháil ar an dóiteán mar gheall ar an deatach tiubh searbh agus ar deireadh thiar tréigeadh an soitheach agus chuathas ar bord rafta tarrthála. Tharrtháil an "FV Defiance" iad agus níor gortaíodh aon duine. Ina dhiaidh sin chuaigh an "FV Kingfisher" go tóin poill. Níor tuairiscíodh aon truailliú. | 0 | Tathar aineolach faoi fhoinse chruinn an tine ach is dócha gur thosaigh sí sa seomra innill. Faoin am arbh fheasach don fhoireann go raibh an tine ann níorbh fhéidir leo gníomh práinnfhreagartha a ghlacadh, mar shampla úsáid a bhaint as córas aisréadóra an tsoithigh.<br>Is é trealamh cosúil le córas braite dóiteáin, an chosaint is túisce ar soitheach, agus is ríthábhachtach sin i ndáil leis an tsábháilteacht.<br>Dá mba rud é go raibh an "FV Kingfisher" feistithe le córas braite dóiteáin d'fhéadfadh se go mbeadh criú an tsoithigh in ann smacht a chur ar an tine ina tús agus dá réir d'fhéadfaí tréigean agus caillteanas an tsoithigh a sheachaint. |

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | DÁTA FOILSITHE | Cineál an Árthaigh | CINEÁL AN TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ/ BÁS | AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Flying Horse** | 23 Aibreán 2014 | Báid Paisinéara | Tuile | D'fhág an soitheach paisinéara Éireannach "Flying Horse", 33 troigh ar fhad, Piara Bhaile an Sceilg ag taisteal chuig Sceilg Mhichíl ar an 29 Meitheamh 2012 le 14 phaisinéar agus ball foirne amháin ar bord. Thart ar 20 nóiméad tar éis imeachta tháinig an soitheach thairis maidhm mhór farraige agus ina dhiaidh sin chualathas torann ollmhór. Thosaigh tuile ag líonadh an soithigh agus a thúisce a thug an Captaen faoi deara go raibh rud éigin cearr, chas sé an soitheach thart uirthi féin agus rinne iarracht teagmháil a dhéanamh le hionadaí an úinéara ar an teileafón. Ní dhearnadh aon iarracht úsáid a bhaint as VHF Radio an tsoithigh. Chuir na paisinéirí seaicéid tarrthála orthu féin. Ba dheacair teacht ar na seaicéid tarrthála mar sin féin agus ni raibh dóthain de sheaicéid tarrthála ann do gach duine ar bord. Tháinig an t-árthach ar ais chuig Baile an Sceilg agus cuireadh na paisinéirí uilig i dtír go sábháilte cé go rabhadar trína chéile de bheagán. | 0 | Bhí an "Flying Horse" ag gluaiseacht ar luas iomarcach, na coinníollacha aimsire a bhí i réim curtha san áireamh. Ní raibh an criú aici dóthaineach don chineál turais. Ní raibh ag an gCaptaen na cáilíochtaí a theastaigh le bheith i mbun an phoist sin ar an "Flying Horse".. Níor leor an méid trealaimh tharrthála ar bord do gach duine inti agus ní raibh ann de sheaicéid tarrthála oiriúnacha do pháistí. Bhí níos mó paisinéirí á n-iompar ag an"Flying Horse" ná mar bhí ceadaithe faoin gceadúnas a bhí aici. |
| **STV Astrid (tuarascáil eatramhach)** | 22 Iúil 2014 | Bád Paisinéara | Dul faoi uisce | Féach ar an Tuarascáil Iomlán arna foilsiú. | 0 | Féach ar an Tuarascáil Iomlán arna foilsiú |

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | DÁTA FOILSITHE | Cineál an Árthaigh | CINEÁL AN TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ/ BÁS | AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Castletownbere** | 28 Iúil 2014 | Bád Iascaigh | Bá | Ar maidin an 17 Lúnasa, 2012, chinn úinéir an árthaigh dul amach inti ina aonar chun a photaí gliomaigh a thógáil.<br>Bhí roinnt potaí curtha ar sreang aige amach ó Chuan an Phoillín siar ó Bhaile Chaisleáin Bhéarra. Thart ar am lóin chonachthas an soitheach ón gcladach iompaithe bun os cionn. Bhí an t-árthach ina stad, gan ghluaiseacht leis an taoide.<br>Cuireadh cuardach ar bun agus go gairid ina dhiaidh sin thángthas ar chorp an fhir in aice an tsoithigh agus tógadh ón uisce é. | 1 B | Cé nach raibh aon finné láithreach nuair a tharla an teagmhas, meastar gur dócha gur mheascán de bhorradh farraige agus de phota gliomaigh bheith greamaithe gan scaoileadh ar bhun ghrinneall na farraige agus b'fhféidir an rópa a bhí ceangailte leis na potaí gliomaigh ar sreang bheith imithe i bhfostú sa chaoi nárbh fhéidir na potaí a tharraingt a chur faoi deara gir báitheadh an soitheach le huisce agus gur iompaigh sí ar a béal fúithi. |
| **FV Leonora Jacinta** | 26 Samhain 2014 | Árthach Iascaigh <15m | Taisme marfach | Ar maidin an 25 samhain, 2013 d'fhág an soitheach iascaireachta Cé na Cille Móire, le duine amháin ar bord.<br>Thart ar trí go leith uaire an chloig ina dhiaidh sin tugadh faoi deara an t-árthach ó dheas o na hOileáin Saltee agus í ceangailte do líne de photaí gan aon duine ar bord.<br>Fógraíodh go raibh rudaí cearr agus cuireadh tús le cuardach aeir agus farraige a lean ar aghaidh ar feadh 26 lá breise gan aon rath air.<br>Ar an 4ú Bealtaine 2014, fuarthas duine éagtha ar an gcladach ar an Sailte Mór agus aithníodh ina dhiaidh sin é mar an iascaire a bhí ar iarraidh. | 1 B | Meastar gur dócha gur thit úinéir an "FV Leonora Jacinta" thar bord tráth a raibh sé ag iarraidh potaí a bhí i dtranglam i líne a scaoileadh. Ní féidir na cúinsí ba chúis leis an úinéir titim thar bord a dhéanamh amach go cruinn. A ísle a bhí an béalbhach agus gan ráillí níos airde bheith ann ba chúis leis nach raibh ach beagán nó tacaíocht ar bith ag an duine a bhí ag oibriú an tarraingeora phota. Deimhníonn an fhianaise ó fhinnéithe agus a raibh léirithe ar an dá Ghairis Snámhachta Pearsanta (PFDanna) ar bord nach raibh PFD á chaitheamh ag úinéir an tsoithigh. |

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | DÁTA FOILSITHE | Cineál an Árthaigh | CINEÁL AN TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ/ BÁS | AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **FV Liberty** | 20 Samhain 2014 | Árthach Iascaigh <15m | Taisme marfach | D'fhág an t-árthach iascaigh "FV Liberty", 13.32 méadar (m) ar fhad ina hiomlán (LOA), atá cláraithe in Éirinn, Dún Mór thart ar 23. 59 uair an chloig ar an 13 Feabhra 2013, le Captaen agus beirt chriú ar- bord, chun dul i mbun trálaeireachta grinnill le heangach singil. Ag 12.30 uair an chloig ar an 14 Feabhra 2013, caitheadh an trealamh iascaireachta timpeall 23 míle ó dheas ón Seancheann. Tosaíodh ag tarrraingt an trealaimh ag 17.50 uair an chloig agus le linn oibríochtaí an tarraingte, theip ar an téad mála, a d'fhág gur buaileadh ball den chriú le nasc scoilte. Bhasaigh an ball criú den ghortú. | 1 B | Tharla gortú ba shiocair báis don fhoirneoir mar gheall ar bheith buailte sa cheann le péire de naisc scoilte a thit anuas air le linn obair ardaithe an chinn tráil. Thit na naisc scoilte mar gheall ar theip ar an gceangal idir an rópa deckie díomhaoin agus an nasc scoilte. Níorbh fhéidir cúis na teipe ar an rópa a dhéanamh amach mar gheall ar gur caitheadh thar bord an rópa agus cuid den eangach le linn bheith ag ullmhú an soitheach le hionramháil i ndáil le hobair aisghabhála an héileacaptair. Tá sé ar eolas nach raibh na naisc scoilte a úsáideadh chun an rópa deckie díomhaoin a nascadh leis an rópa teachtaire oiriúnach dá chéile agus luí leo dul i bhfostú agus go raibh drochbhail ar na blocanna cinn ar baineadh úsáid astu le haghaidh na rópaí teachtaire deckie díomhaoine. |
| **Lough Ree BRI** | 17 Samhain 2014 | Árthach áineasa - BRI | Bualadh faoi chéile | Thart ar 22.20 uair an chloig ar an 14 Iúil 2012, d'fhág Bád Righin Inséidte (BRI) Marina Bhaile Átha Luain ar a bealach chuig Shankaragh, le fear stiúrach agus 3 phaisinéar ar bord. Bhí saintaithí ar chúrsaí mótarbháid ag an bhfear stiúrach agus bhí sé an-tugtha don chaitheamh aimsire sin. Bhí deimhniú mótarbháid leibhéal 2- aige chomh maith le cáilíocht mar theagascóir seoltóireachta. Go gairid i ndiaidh imeachta bhuail an BRI na piléir tacsithe láir de Dhroichead Iarnróid Áth Luain. Caitheadh an fear stiúrach agus paisinéar Uimh 1 ón BRI agus isteach san uisce, agus bhuail paisinéar Uimh 2 piléir tacaithe an droichid agus ghortaigh sé a chloigeann. Tarrtháladh na páirtithe uilig, Bhí orthu fanacht san ospidéal ar feadh píosa sular scaoileadh abhaile iad. Toisc an oiread dochair a bhí déanta don BRI níorbh fhéidir i a dheisiú. | 1 G | Tharla an imbhualadh níos lú ná 300 méadar ó phointe imeachta an BRI. Dá bhrí sin, is dócha go raibh luathú á dhéanamh ag an árthach go dtí go han-gairid roimh an imbhualadh. Bhí oiread an dochar a rinneadh don árthach ag teacht le luas taistil tapa ós cionn 15 mhuirmhíle. Tharla an t-imbhualadh thart ar am luí na gréine. Is dócha nach raibh an solas go maith mar gheall ar an aimsir a bhí ann an tráthnóna sin. Ní raibh ach beirt den triúr san BRI ag caitheamh feisteas pearsanta snámha (FPS). Bhí bail mhaith ar an BRI roimh an eachtra agus níor toisc í bail an bhaid i dteannta na taisme seo. |

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | DÁTA FOILSITHE | Cineál an Árthaigh | CINEÁL AN TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ/ BÁS | AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **MV Arslan II** | 17 Nollaig 2014 | Lasta | Dul ina suí | Chuaigh an "MV Arslan II", ina suí ar an gcuid ó dheas de Bhanc an Inbhir Mhóir ar an 14 Eanáir 2014. Cuireadh an t-árthach ar snámh in athuair níos déanaí an tráthnóna céanna, ach ó tharla damáiste bheith déanta dá fearas stiúrtha ní raibh sí in ann dul chun cinn a dhéanamh faoina cumhacht féin. D'fhan an soitheach ar ancaire ag an suíomh ag feitheamh ar theacht tuga. Cuireadh ar théad í agus tosaíodh an tarraingt an 15ú Eanáir 2014 agus tugadh an t-árthach go Baile Átha Cliath, áit ar tugadh le céibh ag Céanna an Bhruaigh Theas í ag thart ar 13.30 uair an chloig UTC ar an 16 Eanáir 2014. | 0 | Níor cloíodh le gnáis chaighdeánacha maidir le loingseoireacht agus bainistiú soithigh le linn an turais. Le linn di gníomhú chuaigh an soitheach ar iontaoibh ar chairt ar scála beag agus anuas air sin baineadh mí-úsáid as táblaí taoide neamhoifigiúla. Ní raibh an t-eatramh idir shocrú dhearbhshuí an tsoithigh leordhóthaineach i ndáil le feidhmiú in uiscí cósta. Is dea-chleachtas é in uiscí cósta dearbhshuí an tsoithigh a sheiceáil go tráthrialta le heatramh de idir 15 agus 20 nóiméad, ag brath ar fhaisnéis eile, ar nós sraith agus síobadh. Is lón teagaisc an eachtra freisin chun an gá le soitheach úsáid a bhaint as modhanna loingseoireachta eile a aibhsiú, mar shampla an treo a léirítear ar chompás, agus ar radar a cheadú agus an fhad ó rudaí ina mbuansheasamh in uiscí cósta a dhéanamh amach d'fhonn dearbhshuí an tsoithigh a fhíorú agus éifeacht taoidí, sruthanna agus gaotha ar an gcúrsa ach é a cheartú a dhéanamh amach. Tugadh cead don árthach dul ar an dtaobh mícheart de mharc loingseorachta Maíodh mar chúis leis sin gur léirigh an chairt doimhneacht de 20 méadar ó thuaidh den baoi agus mar sin mheas an tOifigeach Faire go raibh an soitheach sábháilte. |

Maidir le heolas breise faoi aon cheann ar bith de na teagmhais seo a ndearnadh imscrúdú orthu tagraítear don láithreán gréasáin, www.mcib.ie;

# Sampla de na Cásanna a Foilsíodh 2014

An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2014

Is mian leis an mBord aird faoi leith a dhíriú ar na trí cinn de thuarascálacha seo a leanas a foilsíodh i rith na bliana 2014. Is é tuairim an Bhoird gur fiú suntas a tharraingt ar thorthaí na gcásanna imscrúdúcháin seo.

## MV Arslan II



Chuaigh an "MV Arslan II", (IMO 9030333) ar a bealach ó Nemrut, an Tuirc, i dtreo Béal Feirste, Tuaisceart Éireann, ina suí ar an gcuid ó dheas de Bhanc an Inbhir Mhóir an 14 Eanáir 2014. Cuireadh an t-árthach ar snámh in athuair níos déanaí an tráthnóna céanna, ach ó tharla damáiste bheith déanta dá fearas stiúrtha ní raibh sí in ann dul chun cinn a dhéanamh faoina cumhacht féin. D'fhan an soitheach ar ancaire ag an suíomh ag feitheamh ar theacht tuga. Cuireadh ar théad í agus tosaíodh an tarraingt an 15ú Eanáir 2014 agus tarraingíodh an t-árthach go Baile Átha Cliath, áit ar tugadh le céibh ag Céanna an Bhruaigh Theas í ag thart ar 13.30 uair an chloig UTC ar an 16 Eanáir 2014.

## LOUGH REE BRI



Thart ar 22.20 uair an chloig ar an 14 Iúil 2012, d'fhág bád righin inséidte (BRI) Marina Bhaile Átha Luain ar a bealach chuig Shankaragh, le fear stiúrach agus 3 phaisinéar ar bord. Bhí saintaithí ar chúrsaí mótarbháid ag an bhfear stiúrach agus bhí sé an-tugtha don chaitheamh aimsire sin. Bhí deimhniú mótarbháid leibhéal 2- aige chomh maith le cáilíocht mar theagascóir seoltóireachta. Go gairid i ndiaidh imeachta bhuail an BRI na piléir tacaithe láir de Dhroichead Iarnróid Áth Luain. Caitheadh an fear stiúrach agus paisinéar Uimh 1 amach ón BRI agus isteach san uisce, ach bhuail paisinéar Uimh 2 piléir thacaithe an droichid agus ghortaigh sé a chloigeann. Tarrtháladh na páirtithe uilig, Bhí orthu fanacht san ospidéal ar feadh píosa sular scaoileadh abhaile iad. Níor leis an bhfear stiúrach ná le haon duine de na paisinéirí an BRI, níorbh fhéidir í a dheisiú toisc an oiread dochair a bhí déanta di.

## CASTLETOWNBERE



Ar maidin an 17 Lúnasa, 2012 chinn úinéir an árthaigh dul amach inti ina aonar chun a photaí gliomaigh a thógáil toisc to raibh deireadh ag teacht leis an séasúr iascaireachta. Bhí roinnt potaí curtha ar sreang aige amach ó Chuan an Phoillín siar ó Bhaile Chaisleáin Bhéarra. Thart ar am lóin chonachthas an soitheach ón gcladach iompaithe bun os cionn. Bhí an soitheach ina stad gan ghluaiseacht leis an taoide. Cuireadh cuardach ar bun agus go gairid ina dhiaidh sin thángthas ar chorp an fhir in aice an tsoithigh agus tógadh ón uisce é.

# Comparáid maidir le Taismí Muirí 2005 - 2014

| Cineál an Árthaigh | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Báid/Soithigh Paisinéara** | | | | | | | | | | |
| Ro-Ro Idirnáisiúnta | | | Bhásaigh 1/Gortaíodh 1 | 1 B | | | | | | |
| Baile | 2 B | | | | 1 B | | | 1 B | | |
| Báid Paisinéara | | | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán** | **2 B** | **Náid** | **1 B/1 G** | **1 B** | **1 B** | **Náid** | **Náid** | **1 B** | **Náid** | **Náid** |
| **Longa Lastais** | | | | | | | | | | |
| Longa Lastais Ginearálta | | | 1 B | | | | | | | |
| Ro-Ro Lasta | | | | | | | | | | |
| Tancaer | | | | | | | | | | |
| Long Olliompair | | | | | | | | | | |
| Long Coimeádán | | | | | | | | | | |
| Long Iompair Carranna | | | | | | | | | | |
| Bád Oibre Píolóta/Báirse | | | | | | | | | | |
| Árthach Ardú Mórmheáchain | | | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán** | **Náid** | **Náid** | **1 B** | **Náid** | **Náid** | **Náid** | **Náid** | **Náid** | **Náid** | **Náid** |
| **Báid Iascaigh** | | | | | | | | | | |
| < 15 metres | 3 B | 5 B | 3 B | 2 B | | 2 B | 4 B | 4 B/1 G | 5 B | 1 B |
| 15-24 mhéadar | | 2 B | 9 B | 1 B | | 1 B 1 G | | 5 B/1 G | | |
| > 24 mhéadar | | | | 1 B | | | 1 B | | | |
| **Fo-iomlán** | **3 B** | **7 B** | **12 B** | **4 B** | **Náid** | **3 B/1 G** | **5 B** | **9 B/ 2 G** | **5 B** | **1 B** |
| **Árthaigh Áineasa** | | | | | | | | | | |
| Árthaigh Scairdsciála | | 1 B | 1 B | | | | | | | |
| Báid Oscailte/Canúnna | 1 B | 2 B | 2 B | 3 B | 4 B | 8 B | 1 B | 3 B | 1 B | 3 B/1 G |
| Mótarbháid (Deiceáilte) | | | 1 G | | | 5 B/1 G | | | | |
| Báid Seoil | 2 B | | | 1 B | 1 B | | 1 B | | | 1 B |
| Báid Innill Mheara/BRI | | | | | 2 B | 1 B | 1 B/2 G | | | |
| **Fo Iomlán** | **3 B** | **3 B** | **3 B/1 G** | **4 B** | **5 B** | **15 B/1 G** | **2 B** | **5 B/2 G** | **1 B** | **4 B/1 G** |


| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iomlán na dTeagmhas** | **11** | **12** | **16** | **10** | **6** | **17** | **13** | **17** | **6** | **7** |
| **Líon Iomlán a Fuair Bás (B)** | **8** | **10** | **17** | **9** | **6** | **18** | **7** | **15** | **6** | **5** |
| **Líon Iomlán a Gortaíodh (G)** | **0** | **0** | **2** | **0** | **0** | **2** | **0** | **4** | **0** | **1** |
| **Líon Iomlán na nÁrthach i gceist** | **11** | **14** | **20*** | **10** | **6** | **18** | **12**** | **18** | **6** | **7** |

* Fágtar as an áireamh leis an bhfigiúr seo teagmhas ag Geallta Dhún Laoghaire sa bhliain 2007 a raibh 115 soitheach beag, báidíní beaga dingí agus BRI san áireamh, i gceist leis


** Fágtar as an áireamh leis an bhfigiúr seo teagmhas ag Ceann Chlochair sa bhliain 2011 a raibh cuid mhór cadhaiceanna agus leanaí i gceist leis

# Pátrúin maidir le Cásanna Báis 2005 - 2014


## Longa/Báid Paisinéirí





## Longa Lastais




## Báid Iascaigh




## Árthaigh Áineasa



# Ráitis Airgeadais
# 2014

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Tuairiscíochta: An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2014

# Clár Ábhair

| | |
|---|---|
| Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí | 21 |
| Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais | 22 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 23 |
| Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta | 25 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 26 |
| Clár Comhardaithe | 27 |
| Nótaí a ghabhann le Ráitis Airgeadais na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2014 | 28 |

# Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhoird

Don Bhliain dár Críoch an 31st Nollaig 2014

## Freagrachtaí an Bhoird

Éilítear faoi Alt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000 go gcoinneoidh an Bord i cibé foirm a cheadóidh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le toiliú an Aire Airgeadais, cuntais chuí agus gnáthach ar an airgead uile a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé. Le linn don Bhord na ráitis airgeadais a ullmhú éilítear go ndéantar:

1. Polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
2. Breithiúnais agus measúnuithe a dhéanamh atá réasúnta agus críonna
3. A lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh le haon chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeacht ábhartha uathu a nochtaítear agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.
4. Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás nár chuí a mheas go leanfaidh an Bord i mbun feidhme.

Tá de fhreagracht ar an mBord leabhair chuí chuntais a choimeád, lena nochtaítear go réasúnta cruinn tráth ar bith an riocht airgeadais ina bhfuil an Bord agus lena gcuirtear ar chumas an Bhoird cinntiú go sásaíonn na ráitis airgeadais Alt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní an Bhoird a chumhdach agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Cliona Cassidy B.L.
Cathaoirleach
29th Meitheamh 2015

Margaret Bell
Rúnaí
29th Meitheamh 2015

# Ráiteas faoin gCóras maidir le Rialú Airgeadais

Don Bhliain dár Críoch an 31 Nollaig 2014

## Freagracht as an gcóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach

Admhaím thar ceann an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí go bhfuil freagracht orainn a chinntiú go gcoinneofar agus go bhfeidhmeofar córas éifeachtach Rialaithe Airgeadais inmheánach.

Dearbhú réasúnta, seachas dearbhú iomlán, is féidir a thabhairt leis an gcóras don Rialú Airgeadais inmheánach go ndéantar sócmhainní a chumhdach, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh mar is ceart, agus go ndéantar earráid nó mírialtacht ábhartha a chosc nó go dtabharfaí earráid faoi deara go tráthúil.

## Gnáis Rialaithe Príomhthábhachta

Seo a leanas na bearta maidir le rialú airgeadais a bhí i bhfeidhm i rith na bliana:

• Gach íocaíocht (cé is moite de thuarastail lucht foirne*) a údarú ag beirt ar a laghad de chomhaltaí an Bhoird.

• D'údaraigh comhalta eile den Bhord gach éileamh ar thaistil agus ar chothabháil agus d'fheimhnigh an Rúnaí iad le haghaidh íocaíochta.

•Tá Cóid maidir le hIompar Gnó ar bun do chomhaltaí an Bhoird agus don lucht foirne.


• Cuireann an Rúnaí riocht airgeadais reatha an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí in iúl don bhord ag gach cruinniú Boird.

Athraíodh, le cinneadh Rialtais, an Roinn Rialtais a dtagann an Bord faoina coimirce ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha go dtí an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le héifeacht ón 1 Eanáir 2006. Thug an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maolú ó Alt 10 (Iniúchadh Inmheánach) den Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit i mí Iúil 2011.

## Athbhreithniú Bliantúil maidir leis an Rialú

Dearbhaím leis seo go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht na gcóras rialaithe airgeadais inmheánach maidir leis an mbliain dar chríoch 31 Nollaig 2014.

## Arna shíniú thar ceann an Bhoird



Cliona Cassidy B.L..
Cathaoirleach
29 Meitheamh 2015

*Nóta: Buanfhoireann triúir a tháinig ar iasacht ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt atá i Rúnaíocht an BTMI.

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An Bord Imscrúdú Taismí Muirí

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013 faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Is é atá sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na polasaithe cuntasaíochta a leagtar amach iontu, an ráiteas faoi pholasaithe cuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an clár comhardaithe agus na nótaí a ghabhann leo. Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm sin a leagtar síos faoi Alt 20 den Acht, agus i gcomhréir leis an ngnás cuntasaíochta a bhfuil glacadh go ginearálta leis in Éirinn

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú, as cinntiú go dtugtar léargas cruinn cothrom iontu ar riocht ghnóthaí an Bhoird agus ar an ioncam agus ar an gcaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é atá de fhreagracht ormsa iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuarascáil a thabhairt orthu i gcomhréir leis an dlí infheidhme.

Déantar an t-iniúchadh faoi threoir na dtosca speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit i dtaca lena riar agus lena n-oibriú.

Déantar an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir na gCaighdeáin Eitice d’Iniúchóirí atá leagtha síos ag Bord na gCleachtas Iniúchóireachta.

## Scóip na hIniúchóireachta ar na Ráitis Airgeadais

Is é a bhaineann le hiniúchadh fianaise a fháil, maidir leis na suimeanna agus nithe eile a nochtaítear sna ráitis airgeadais, atá leordhóthanach chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó earráid ba chúis lena leithéid. Tagann san áireamh leis sin

- measúnú cibé an bhfuil nó nach bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach d’imthosca an Bhoird agus cibé an ndearnadh nó nach ndearnadh iad a chur i bhfeidhm go seasta agus a nochtadh go leordhóthanach
- measúnú ar a réasúnta agus atá na meastacháin shuntasacha cuntasaíochta a rinneadh le linn na ráitis airgeadais a ullmhú, agus
- measúnú ar chur i láthair na ráiteas airgeadais tríd is tríd.

Féachtar freisin agus an t-iniúchadh á dhéanamh le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Ina theannta sin, léitear tuarascáil bhliantúil an Bhoird d’fhonn neamhréir ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a thabhairt faoi deara. Sa chás go dtugtar faoi deara aon ní a cheapfaí a bheith ina mhíráiteas nó neamhréir ábhartha, déanaim na himpleachtaí maidir le mo thuarascáil a thabhairt faoi mheas.

## Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Tá mé den tuairim go dtugann na ráitis airgeadais, arna n-ullmhú de réir an ghnáthchleachtais cuntasaíochta a bhfuil glacadh go ginearálta leis in Éirinn, léargas cruinn cóir ar an riocht ina raibh gnóthaí an Bhoird an 31 Nollaig 2014 agus ar an ioncam agus ar an gcaiteachas i leith na bliana 2014.


Tá mé den tuairim go raibh leabhair chuí chuntais á gcoimeád ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

## Cúrsaí a dtuairiscím le hEisceacht mar gheall orthu

Tugaim tuairisc trí eisceacht sa chás

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a raibh gá agam leo don iniúchóireacht, nó
- gur tugadh faoi deara le linn na hiniúchóireachta teagmhas ábhartha ar bith nuair a tharla nach chun na críocha a bhí ceaptha lena aghaidh a cuireadh airgead in úsáid nó nach raibh na hidirbhearta ag teacht leis an údarás rialála a tugadh ina leith, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil an Bhoird ag teacht leis na ráitis airgeadais lena mbaineann, nó
- nach léiríonn an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais go bhfuil an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh ag an mBord, nó
- go bhfaighim amach go bhfuil nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach inar seoladh an gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam i ndáil leis na nithe ar le heisceacht a dhéantar an tuairiscíocht ina leith.



Patricia Sheehan
Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
30 Meitheamh 2015

# Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta

Don Bhliain dár Críoch an 31st Nollaig 2014

## 1. Ginearálta

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí), 2000. Chuaigh an Bord i mbun feidhme den chéad uair an 5 Meitheamh 2002. Bunaíodh go foirmeálta é an 25 Márta 2003. Déanann an Bord imscrúdú neamhspleách ar thaismí muirí in Éirinn agus foilsítear tuarascálacha ar na bearta imscrúdúcháin.

## 2. Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm a cheadaigh an tAire Iompair, Turasóireacht agus Spóirt le toiliú an Aire Airgeadais faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Déantar na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn fabhruithe cé is moite dá luaitear thíos agus i gcomhréir leis an ngnás cuntasaíochta a bhfuil glacadh go forleathan leis. Glactar, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm, leis na Caighdeáin Tuairiscíochta Airgeadais, arna moladh ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta.

## 3. Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Baineann na Ráitis Airgeadais leis an tréimhse 12 mí anuas go dtí an 31 Nollaig 2014.

## 4. Deontais Oireachtais

Is ionann an t-ioncam ó Dheontais Oireachtais agus na fáltais airgid iarbhír in aghaidh na bliana ón Roinn Iompair maille leis na híocaíochtaí a rinne an Roinn Iompair thar ceann fhoireann an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí*.

## 5. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Luaitear Sócmhainní Seasta de réir an chostais. Léirítear luachlaghdú de réir méid chothroim mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Trealamh Oifige | 5 bliana |

## 6. Cuntas Caipitil

Is ionann an cuntas caipitil agus luach neamhamúchta an ioncaim a úsáidtear chun críocha caipitil.

## 7. Aoisliúntas

Tagann lucht foirne Roinne* a bhíonn ar iasacht chun feidhmiú mar Rúnaíocht ag BITM faoi scáth shocruithe pinsin na Roinne lena mbaineann.

*Nóta: Buanfhoireann triúir a tháinig ar iasacht ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt atá i Rúnaíocht an BTMI.

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais 2014

An bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2014

| | Nótaí | 31 Nollaig 2014 | 31 Nollaig 2013 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Oireachtais (Vóta Uimh. 31) | | 262,259 | 237,028 |
| | | 262,259 | 237,028 |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail Foirne | 4 | 111,650 | 107,028 |
| Foireann Gníomhaireachta | 4 | 36,109 | - |
| Táillí Comhaltaí Boird | 5 | 17,773 | 17,990 |
| Cló, Postas agus Stáiseanóireacht | | 7,231 | 20,669 |
| Fógraíocht | | - | 1,931 |
| Caiteachas ar Imscrúduithe Taismí | 3 | 30,514 | 60,180 |
| Taisteal agus Cothabháil – Comhaltaí an Bhoird | 6 | 3,866 | 2,176 |
| Taisteal agus Cothabháil – Eile | | 55 | 989 |
| Táillí lucht Dlí agus Gairme | | 3,633 | 6,720 |
| Cuntasaíocht | | 3,567 | 4,738 |
| Táillí Iniúchóireachta | | 5,000 | 4,700 |
| Táillí Bainc | | 118 | 100 |
| Costais Ilghnéitheacha | | 554 | 62 |
| | | 220,070 | 227,283 |
| (Easnamh) / Barrachas don Bhliain | | 42,189 | 9,745 |
| Barrachas/(Easnamh) Carnach an 1 Eanáir | | 3,103 | (6,642) |
| Barrachas/(Easnamh) Carnach an 31 Nollaig | | 45,292 | 3,103 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 12.

Cliona Cassidy B.L..
Cathaoirleach
29th Meitheamh 2015

Margaret Bell
Rúnaí
29th Meitheamh 2015

# An Clár Comhardaithe 2014

An 31 Nollaig 2014

| | Nótaí | AN BHLIAIN DÁR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014 € | AN BHLIAIN DÁR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Airgead sa Bhanc agus ar Láimh | | 80,137 | 32,306 |
| | | 80,137 | 32,306 |
| **Creidiúnaithe** Suimeanna atá dlite taobh istigh d'aon bhliain amháin Creidiúnaithe agus Fabhruithe | 2 | (34,845) | (29,203) |
| **Sócmhainní/(Dliteanais) Reatha Glan** | | 45,292 | 3,103 |
| **Iomlán Sócmhainníí lúide Dliteanais Reatha** | | 45,292 | 3,103 |
| **Caipiteal agus Cúlchiste** | | | |
| Ioncam & Caiteachas: Barrachas/(Easnamh) | | 45,292 | 3,103 |
| | | 45,292 | 3,103 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 12.

Cliona Cassidy B.L.
Cathaoirleach
29th Meitheamh 2015

Margaret Bell
Rúnaí
29th Meitheamh 2015

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
# Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dár Críoch an 31st Nollaig 2014

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Nóta 1. Airgead sa Bhanc agus ar Láimh** | € | € |
| Cuntas Reatha | 80,137 | 32,306 |
| **Nóta 2. Creidiúnaithe - Méideanna atá dlite laistigh d'Aon Bhliain Amháin** | | |
| Caiteachas Fabhraithe | (34,845) | (29,203) |

### Nóta 3. Costais Imscrúdúcháin maidir le Taismí

Tugadh próiseas tairiscintí chun críche i rith na bliana 2010 chun painéal imscrúdaitheoirí a chur le chéile – tá scála táillí aontaithe maidir le gach beart imscrúdúcháin a thabhairt chun críche. Anuas go dtí an bhliain 2010, ní íoctaí táillí ar bith i ndáil le himscrúdú ar thaismí muirí a rinne Oifig Suirbhéireachta Muirí na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

I rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2014, thug an Bord 7 mbeart imscrúdúcháin chun críche agus foilsíodh tuarascáil maidir le gach beart imscrúdúcháin díobh sin. Bhí 14 bheart imscrúdúcháin agus tuarascáil a foilsíodh in 2013.

Ar an 31 Nollaig 2014, bhí 9 mbeart imscrúdúcháin ar siúl nach raibh tugtha chun críche go fóill. Is é costas ionchais maidir leis an obair sin €51,100. Ar an 31 Nollaig 2013, bhí 9 mbeart imscrúdúcháin ar siúl nach raibh tugtha chun críche go fóill.

### Nóta 4. Fostaithe agus Aoisliúntas

Tá Rúnaíocht bhuan lena mbaineann triúr lucht foirne á chur ar fáil ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Aisíocadh costais foirne leis an Roinn as leithroinnt deontais an Bhoird. Bhí triúr fostaithe ag an mBord ag deireadh na bliana 2014 agus triúr fostaithe ag deireadh na bliana 2013.

I rith na bliana theastaigh comhalta sealadach agus íocadh an táille aonair gníomhaireachta de €36,109 as na cistí a bhí ar fáil don Bhord um Imscrúdú Taismí Muirí.

### Nóta 5. Táillí Comhaltaí Boird

| Comhalta Boird: | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cliona Cassidy | 7,617 | 7,618 |
| Brian Keane | 5,078 | 4,656 |
| Michael Frain | 5,078 | 1,693 |
| John G. O'Donnell | - | 1,208 |
| Thomas R. Power | - | 2,815 |
| Brian Hogan | - | - |
| Jurgen White | - | - |
| **Táillí ina n-Iomláine** | **17,773** | **17,990** |

### Nóta 6. Taisteal Comhaltaí Boird

Íocadh costais taistil €3,866 in iomláine le comhaltaí de chuid an Bhoird i rith na bliana 2014 i ndáil le freastal ar Chruinnithe Boird i rith na bliana 2014; fuair Brian Keane €1,291 agus fuair Michael Frain €2,575. Íocadh an caiteachas uile de réir Rátaí Taistil na Státseirbhíse.

### Nóta 7. Costais Oibríochtúla

Cuireann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt cóiríocht oifige, an úsáid as sócmhainní seasta san áireamh, ar fáil saor ó tháille don Bhord, in áitribh na Roinne i Lána Líosáin, Baile Átha Cliath 2.

Maoiníonn an Bord a chostais oibríochtúla féin cé is moite de chostais na seirbhísí a leanas a chuireann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar fáil saor in aisce:

- Teileafón & Faics
- Postas, Stáiseanóireacht agus Cló inmheánach
- Glantachán
- Costais eile oifige, soilse agus teas san áireamh.

### Nóta 8. Cáin

I gcomhréir le Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 níor íocadh aon cháin agus ní éilítear soláthar a dhéanamh do chánachas sna ráitis airgeadais.

### Nóta 9. Comhaltaí Boird: Nochtadh Leasanna

Tá nós imeachta glactha chucu féin ag comhaltaí an Bhoird i gcomhréir le hailt 17 agus 18 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

### Nóta 10. Comhaltaí Boird:

Bíonn cruinnithe ag an mBord ar bhonn rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí oibriúcháin. Seo a leanas líon na gcruinnithe a d'fhreastail gach duine de Chomhaltaí an Bhoird i rith na bliana 2014:

| | |
|---|---|
| Brian Hogan | 11 |
| Cliona Cassidy | 11 |
| Michael Frain | 10 |
| Jurgen White | 10 |
| Brian Keane | 8 |

### Note 11. Gnóthas Leantach

Tá an eagraíocht ag brath ar chúnamh airgid leanúnach ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus táthar den tuairim go leanfar den chúnamh sin a fháil ar feadh na tréimhse a fheictear romhainn. Meastar dá bhrí sin gur iomchuí leanacht de na cuntais a ullmhú ar Bhonn Gnóthais Leantaigh.

### Nóta 12. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais an 29 Meitheamh 2015.

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Lána Leeson Baile Átha Cliath 2. Teileafón: 01-6783485. Faics: 01-6783493. www.mcib.ie